Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**9720/19**

**COSI 121**
**JAI 586**
**ENFOPOL 276**
**ENFOCUSTOM 115**
**CYBER 184**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 6 Meitheamh 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9481/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Faisnéis Núíosach Inghníomhaithe - Conclúidí ón gComhairle (6 Meitheamh 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le Faisnéis Núíosach Inghníomhaithe a ghlac an Chomhairle ag an 3697ú cruinniú dá cuid, a bhí ar siúl ar an 6 Meitheamh 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Faisnéis Núíosach Inghníomhaithe**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,**

**Á MHEABHRÚ DI** go bhféachfaidh an tAontas, i gcomhréir le hAirteagal 67(3) CFAE, le hardleibhéal slándála a áirithiú trí bhíthin bearta coiscthe agus comhraic coireachta, agus trí bhíthin bearta darb aidhm comhordú agus comhar a dhéanamh idir na húdaráis phóilíneachta agus bhreithiúnacha agus údaráis inniúla eile,

**Á CHUR SAN ÁIREAMH DI** na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020[1] ina gcuirtear i bhfios go láidir nach mór cloí le cur chuige gasta solúbtha faisnéisbhunaithe chun dul i ngleic le pé bagairtí a thagann chun cinn,

**Á CHUR SAN ÁIREAMH DI** an tionchar a bhíonn ag an gclaochlú digiteach ar gach réimse den saol poiblí,

**ÓS EOL DI** go ngabhann forbairtí gasta teicneolaíochta agus nascacht dhomhanda leis an ngá a bhíonn ag na húdaráis forfheidhmithe dlí acmhainneachtaí leordhóthanacha a thógáil ní hé amháin d'fhonn freagairt go héifeachtach ar an timpeallacht athraitheach choiriúil ach d'fhonn an úsáid is fearr a bhaint as forbairtí teicneolaíocha atá ag teacht chun cinn,

**Á THABHAIRT DÁ hAIRE** go bhfuil an nuáil reatha teicneolaíochta ina siocair leis an méadú atá ag teacht ar líon na sonraí digiteacha,

**Á THABHAIRT DÁ hAIRE** go mbíonn baint ag sonraí digiteacha le sciar éigin d'fhormhór na n-imscrúduithe coiriúla, rud a fhágann nach mór d'údaráis forfheidhmithe an dlí, lena n-áirítear na hoifigigh is gaire don mhéid a thiteann amach, sonraí digiteacha a aithint, a thuiscint, agus a úsáid, agus iarrann sí go neartófaí ar bhonn tosaíochta na hacmhainneachtaí anailíse sonraí ar fud an Aontais,

---

[1] 13319/17

**Á AITHINT DI** go dteastaíonn am agus acmhainní chun saineolas a fhorbairt, agus nach mór d'údaráis forfheidhmithe an dlí an úsáid is fearr dar féidir a bhaint as a gcuid acmhainní, as daonscileanna, as taithí eagrúcháin, agus as na seirbhísí a chuirtear ar fáil,

**Á AITHINT DI** go bhfuil iarrachtaí leanúnacha ar siúl ag na Ballstáit freagairt ar an bhforás atá ag teacht go pras ar an teicneolaíocht, agus go bhfuil na húdaráis ag obair as lámha a chéile chun tacú leis na gníomhaíochtaí éagsúla taighde agus nuála atá ar bun ag údaráis forfheidhmithe an dlí, lena n-áirítear cistiú ón Aontas, ar gníomhaíochtaí iad a thugann deiseanna cheana féin chun foghlaim ón gcleachtas agus ón taithí chomhroinnte,

**AG CUR DI** leis na pléití téamacha a bhí ag na hairí agus ag COSI agus lena raibh le rá ag na Ballstáit trí bhíthin comhairliúcháin agus cruinnithe de chuid saineolaithe arna n-eagrú ag Europol[2] agus CEPOL,

**Á AITHINT DI** an ról tábhachtach a bhíonn ag Gníomhaireachtaí CGB an Aontais chun a áirithiú, laistigh dá sainorduithe féin, go ndéantar an comhar oibríochtúil a éascú, a chothú agus a neartú laistigh den Aontas Eorpach,

**Á MHEABHRÚ DI** nach mór, agus sinn ag dul i ngleic leis na dúshláin nua a eascraíonn as forbairtí sa teicneolaíocht, acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh, mar a iarradh ag an gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2018[3],

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,**

1. **CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR** an gá práinneach atá le próiseas níos cuíchóirithe chun tacú le húdaráis forfheidhmithe an dlí ar fud an Aontais chun teicneolaíochtaí agus uirlisí a bhaineann le réimse na sonraí digiteacha, lena n-áirítear tionscnaimh taighde agus nuála, a thuiscint, a fhorbairt agus a úsáid;

2. **CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR** nár dhochar don chomhar oibríochtúil i measc na n-údarás inniúil san Aontas, ná don mhalartú faisnéise, malartú struchtúrtha eolais bunaithe ar an gcoincheap "foghlaimímis chun sonraí digiteacha a aimsiú agus a úsáid", agus tacaíocht aige ó ardán comhroinnte faisnéise a chuirfear ar fáil d'údaráis forfheidhmithe an dlí chun na críche sin;

---

[2] 15200/1/18
[3] EUCO 13/18

3. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** rannpháirtíocht ghníomhach na ngeallsealbhóirí ábhartha i bhformáidí éagsúla comhair, áit a gcomhroinneann siad cheana féin a gcuid cleachtas agus taithí i réimse na sonraí digiteacha;

**IARRANN SÍ AR EUROPOL:**

4. Treochlár a thíolacadh faoi dheireadh na bliana 2019 chuig an mBuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) chun ardán a fhorbairt ar a gcomhroinnfear eolas – "Faisnéis Núíosach Inghníomhaithe" (Novel Actionable Information nó NAI) ("an t-ardán NAI" feasta) a mbeidh sé mar aidhm aige saineolaithe, uirlisí, tionscnaimh agus seirbhísí i réimse na sonraí digiteacha a nascadh le chéile[4], agus san am céanna, cur lena bhfuil ar fáil cheana féin den taithí ar chomhroinnt eolais agus ardáin do shaineolaithe, amhail Ardán Europol do Shaineolaithe (EPE) lena n-áirítear SIRIUS[5], agus an dúbailt leis na tionscnaimh sin arb ann dóibh cheana a sheachaint;

---

[4] Is ceart an t-ardán NAI a bheith ina thaca ag na Ballstáit agus ag geallsealbhóirí ábhartha eile, e.g. gníomhaireachtaí, gréasáin cleachtóirí chun an méid seo a dhéanamh:
a) eolas a chomhroinnt maidir le bealaí ar féidir anailís (choiriúil) a dhéanamh i measc údaráis forfheidhmithe an dlí ar fud an Aontais.
b) nósanna imeachta, modheolaíochtaí, treoirlínte, lámhleabhair agus cláir bogearraí maidir le láimhseáil sonraí digiteacha a dhearadh, a nuashonrú, agus a úsáid.
c) an chiall cheannaithe, an dea-chleachtas, agus cásanna oibre lena mbaineann láimhseáil sonraí digiteacha a chomhroinnt.
d) feidhmchláir, algartaim, nó uirlisí bogearraí eile a stóráil, lena n-áirítear tástáil, nuashonrú nó úsáid.
e) forléargas a bheith acu ar na tionscnaimh ábhartha (gníomhaíochtaí, tograí a bhaineann le forbairt an eolais) ar ceart dóibh éascú a dhéanamh ar an tosaíochtú, ionas go seachnaítear dúbailt acmhainní agus go mbaintear an leas is fearr astu.
D'fhéadfaí marana a dhéanamh ar na feidhmiúlachtaí seo a leanas don ardán: inniúlachtaí cleachtóirí, cumais ríomhleabharlann, ardán uirlisí, tionscnaimh atá ar bun nó á mbeartú.

[5] Uirlis leictreonach faoi chuimsiú Ardán Europol do Shaineolaithe (EPE) mar thaca leis an togra AE-chistithe SIRIUS a chuireann eolas, uirlisí agus oiliúint ar fáil d'údaráis forfheidhmithe an dlí agus do na húdaráis bhreithiúnacha san Aontas d'fhonn cáilíocht agus éifeachtúlacht na n-iarrataí rochtana ar fhianaise dhigiteach a fheabhsú.

5. **Grúpa Oibre Saineolaithe ar an Anailís Choiriúil** a bhunú chun caighdeáin na hanailíse coiriúla a thabhairt faoi réir a chéile, lena n-áirítear an dea-chleachtas, eolas, agus cumais taighde agus nuála sa réimse sin a chomhroinnt;

6. **IARRANN SÍ ar na Ballstáit, na Gníomhaireachtaí agus na Gréasáin** rannchuidiú go rialta agus go pras leis an ardán NAI trí bhíthin tionscnaimh iomchuí tríd an inneachar maidir le hanailís (choiriúil) agus le sonraí digiteacha a chomhroinnt, a thástáil, a chur chun cinn, a úsáid agus a choinneáil cothrom le dáta;

7. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** a thábhachtaí atá sé ag údaráis forfheidhmithe an dlí an oiliúint tosaigh agus an oiliúint leanúnach chun sonraí digiteacha a thuiscint agus a úsáid agus **IARRANN SÍ AR CEPOL** pacáistí oiliúna a cheapadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an ríomhfhoghlaim, d'fhonn teagmháil a dhéanamh leis an líon is mó dar féidir d'oifigigh forfheidhmithe an dlí, rud a chothóidh úsáid na nósanna imeachta, na modheolaíochtaí, na dtreoirlínte, na lámhleabhar agus na gclár bogearraí a sainaithníodh faoi chuimsiú an ardáin chun na críche sin;

8. **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** a thábhachtaí atá an comhar breithiúnach chun a áirithiú go dtabharfar freagairtí stóinseacha ar an gcoireacht thromchúiseach eagraithe agus **IARRANN SÍ AR EUROJUST** lánúsáid ardán NAI a chur chun cinn, agus a áirithiú san am céanna go mbeidh sioncrónú agus comhlántacht ann le tionscnaimh ábhartha eile a dhírítear ar na húdaráis bhreithiúnacha;

9. **IARRANN SÍ AR an gCoimisiún** féachaint an bhféadfaí acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh ar ardán NAI, mar a d'iarr an Chomhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2018[6], agus tacú leis a mhéid a bhaineann le pé cistiú a chuirfear ar fáil feasta don Bhallstát, do na Gníomhaireachtaí agus do na gréasáin (e.g. buiséid a bhreisiú nó glaonna ar thograí) ar mhaithe le comhleanúnachas agus comhlántacht a áirithiú i measc na ngeallsealbhóirí trí úsáid an NAI mar ardán coiteann ag tionscnaimh agus ag tograí a chur chun cinn;

10. **IARRANN SÍ ar an mBuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach** faireachán a dhéanamh ar an mbreisluach atá ar an ardán NAI, lena n-áirítear i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le láimhseáil sonraí digiteacha.

---

6 EUCO 13/18